Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6426/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0392(NLE)**

**SCH-EVAL 21**
**DATAPROTECT 42**
**COMIX 87**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Feabhra 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5893/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar **an bPolainn** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse na **cosanta sonraí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bPolainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bPolainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, rinneadh meastóireacht in 2019 chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí pearsanta sa Pholainn a fhíorú. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)9100 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) I bhfianaise thorthaí na meastóireachta, is iomchuí gníomhaíochtaí áirithe feabhais a mholadh don Pholainn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) Áirítear mar dhea-chleachtais, go háirithe: an creat dlíthiúil náisiúnta, lena ligtear d’Úachtarán Údarás Cosanta Sonraí na Polainne a (h)ionadaithe, chomh maith le comhaltaí na Comhairle Comhairlí, a cheapadh go neamhspleách; go gcaithfidh na hiarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Údarás Cosanta Sonraí freastal ar éisteacht phoiblí sa Pharlaimint, a chraoltar freisin trí chainéal oifigiúil na Parlaiminte ar an idirlíon; gníomhaíochtaí rialaithe rialta maidir le soláthraithe seirbhíse seachtracha, le rannpháirtíocht an oifigigh cosanta sonraí, agus rialuithe rialta consalachtaí; an tiomantas d’oiliúint agus d’fhorbairt na foirne, lena n-áirítear i ndáil le cosaint sonraí, d’úsáideoirí deiridh Chóras Faisnéise Schengen náisiúnta (N.SIS) agus d’fhoireann Bhiúró SIRENE; na bearta slándála a chuirtear chun feidhme ar áitribh na lárionad sonraí a óstálann N.SIS agus an Córas Faisnéise Víosaí náisiúnta (N.VIS).

(4) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen maidir le cosaint sonraí pearsanta i ndáil leis an gCóras Faisnéise Víosaí agus le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí 11, 12, 13, 20, 21 agus 22 a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(5) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí na mBallstát agus ba cheart don Pholainn, laistigh de thrí mhí ón tráth a nglacfar é, plean gníomhaíochta a bhunú ina liostófar na moltaí go léir chun aon easnaimh arna sainaithint sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas, agus chun an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle,

AG MOLADH:

gur cheart don Pholainn an méid seo a leanas a dhéanamh:

**Reachtaíocht**

1. soiléiriú sainráite a dhéanamh ar infheidhmeacht Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - 'GDPR') maidir le próiseáil sonraí pearsanta in N.VIS agus in N.SIS i gcás arb ábhartha;

**An tÚdarás Cosanta Sonraí**

2. a áirithiú, maidir le hAirteagal 174 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus Airteagal 106 den Acht um Chosaint Sonraí maidir le Forfheidhmiú an Dlí 2018, lena leagtar síos teorainn uasta na speansas in aghaidh na bliana ar leith, nach gcuirfear teorainn le buiséad údarás na Polainne um chosaint sonraí faoi bhun na suimeanna a leithdháiltear i mbuiséad an stáit do bhliain ar leith;

3. a áirithiú go ndéanfaidh an tÚdarás Cosanta Sonraí pleanáil níos fearr agus go n-eagróidh sé a chigireachtaí iomadúla ar N.SIS II chun a áirithiú go gcumhdófar gach oibríocht próiseála de chuid N.SIS II, agus de chuid na n-eintiteas ábhartha uile, agus go ndéanfar iniúchadh cuimsitheach ar N.SIS II mar thoradh ar na cigireachtaí, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 44(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006;

4. a áirithiú go ndéanfaidh an tÚdarás Cosanta Sonraí iniúchadh cuimsitheach ar N.VIS chun a chúraimí a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

**Cearta na nÁbhar Sonraí**

5. a áirithiú go bhfeabhsófar na staitisticí de chuid an Údaráis Cosanta Sonraí a bhaineann le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, agus go ndéanfar idirdhealú idir gearáin agus iarrataí, an córas dá dtagraíonn siad (SIS nó VIS), an t-ábhar, chomh maith leis an gcineál iarrata (ceartú, scriosadh, rochtain);

6. a áirithiú go nglacfaidh an rialaitheoir sonraí cur chuige níos réamhghníomhaí i ndáil le faisnéis a sholáthar faoi chearta na n-ábhar sonraí i ndáil le sonraí VIS;

7. a áirithiú go bhfoilseoidh rialaitheoir sonraí SIS agus VIS (Póilíní Náisiúnta na Polainne – An tÚdarás Teicniúil Lárnach don Chóras Náisiúnta TF (CTA NITS)) foirmeacha caighdeánacha d'iarrataí ar chearta na n-ábhar sonraí a chleachtadh;

**An Córas Faisnéise Víosaí**

8. a áirithiú go mbeidh faisnéis maidir leis an mbonn cirt atá leis an rochtain sin san áireamh freisin sna taifid ar rochtain ar VIS;

9. athmheasúnú a dhéanamh ar an liosta údarás ag a bhfuil rochtain ar VIS agus a gcearta rochtana ar shonraí VIS, i bhfianaise a n-inniúlachtaí agus úsáid phraiticiúil na sonraí sin acu;

10. i bhfianaise an iliomad rialaitheoirí sonraí VIS a bunaíodh leis na dlíthe náisiúnta agus leis na forálacha conarthacha, agus i bhfianaise an iliomad gníomhaithe a bheith i gceist, soiléiriú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir na húdaráis a bhfuil baint acu le próiseas eisiúna víosaí agus na húdaráis a phróiseálann sonraí VIS, chomh maith le freagrachtaí na n-údarás sin maidir le próiseáil sonraí;

11. a áirithiú, chun úsáid iomlán a bhaint as na comhaid loga a choimeádtar, go ndéantar anailís rialta ar chomhaid loga VIS chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí;

12. plean slándála VIS a ghlacadh lena gcumhdófar slándáil fhisiciúil an dara láithreán sonraí, chomh maith le gnéithe slándála TF eile den Chóras Náisiúnta TF lena n-áirítear córas N.VIS;

13. tréimhse choinneála na logaí ar iarratais a bhaineann le VIS (go háirithe in iarratais 'Pobyt' agus 'ZSE 6') a thabhairt i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá in Airteagal 34(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus in Airteagal 16 de Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle;

**Córas Faisnéise Schengen II**

14. a áirithiú go mbunóidh an rialaitheoir N.SIS II córas lárnach bainistithe úsáideoirí a fhágann gur féidir féinfhaireachán éifeachtach a dhéanamh gan gá a bheith le féachaint ar logaí sna hinstitiúidí arb iad úsáideoirí deiridh an chórais N.SIS II iad;

15. a áirithiú go ndéanfar anailís rialta ar chomhaid loga SIS chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí d'fhonn úsáid iomlán a bhaint as na comhaid loga atá á gcoinneáil;

16. a áirithiú go dtabharfar fógra uathoibrithe maidir le himeachtaí slándála TF agus maidir le gníomhaíochtaí féinfhaireacháin an rialaitheora sonraí chun an tslándáil a fheabhsú a thuilleadh;

17. a áirithiú go n-áirítear ar na bearta teicniúla freisin bac a chur ar úsáid gléasanna nó méaróg USB, trí bhlocáil a dhéanamh ar gach port USB ar stáisiúin oibre SIS;

18. féachaint an mbeadh baint réamhghníomhach agus rialta ag oifigeach cosanta sonraí na hAireachta Gnóthaí Baile le faireachán a dhéanamh ar phróiseáil sonraí SIS agus VIS trí fhaireachán a dhéanamh ar logaí iniúchóireachta;

19. a áirithiú go ndéanfaidh rialaitheoir sonraí SIS próifílí pearsanra na n-údarás uile a bhfuil rochtain acu ar SIS a sholáthar don Údarás Cosanta Sonraí;

20. tréimhse choinneála na logaí sna hiarratais a bhfuil rochtain acu ar shonraí SIS a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le hAirteagal 12(4) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

21. a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le hAirteagal 10 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, go nglacfaidh rialaitheoir sonraí SIS plean slándála SIS;

22. a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar an raon leathan institiúidí a bhfuil rochtain acu ar shonraí SIS II, chun a áirithiú nach féidir ach le hinstitiúidí ar gá dóibh rochtain a bheith acu, i bhfianaise a n-inniúlachtaí agus a riachtanas praiticiúil, rochtain a fháil ar na sonraí;

**Feasacht an phobail**

23. a áirithiú go gcuirfear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Údaráis Cosanta Sonraí agus na bPóilíní faisnéis faoi chearta na n-ábhar sonraí i ndáil le sonraí VIS.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*